

COCHALL

Nuair a bhí mé óg bhí cochall againn. Chuaidh mé amach oidhche le fear eile agus chuireamar cochall san abhainn ar an gcora. D'fhága an fear eile ar an gcochall mé agus chuaidh sé féin a' saghdadh na mbreac isteach sa gcochall. Ní raibh buailte aige ach cupla iarraidh den chleith ar an uisge nuair a d'airigh mise an meadhchan ins an gcochall. D'fhuagair mé air. D'fhuagair sé orm mo ghreim a choinneál go dtigeadh sé chomh fada liom. Thóg muid an cochall. Trí bhreac a bhí innte. Ní fhaca mise ariamh trí bhreac de bhric locha a bhí cho mór leob. Bhíodh cleitheanna móra acab a' saghdú na mbreac, cleith saighte. Na maoir ar mhaith leo breac a thabhairt do mhuinntir an bhaile d'fhanaidís istigh sa mbráca sa gcaoi nach bhfeicidís iad.